2025/639

2.4.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/639 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Aibreán 2025

lena gceartaítear an leagan Slóivéinise den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/354 lena mbunaítear liosta d'úsáidí beartaithe le haghaidh beatha atá beartaithe chun críoch cothaitheach áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 767/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le beatha a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/373/CEE, 80/511/CEE, 82/471/CEE, 83/228/CEE, 93/74/CEE, 93/113/CE agus 96/25/CE agus Cinneadh 2004/217/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Slóivéinise den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/354 ón gCoimisiún ([2]), tá earráidí i gCuid A, pointí 9 agus 10, agus i gCuid B, sa tábla, uimhir iontrála 60, an colún 'Saintréithe cothaitheacha fíor-riachtanacha (GP1)', an tríú ró, a mhéid a bhaineann leis an gcineál beatha a chumhdaítear leis na ceanglais a leagtar amach sna forálacha sin. Déanann na hearráidí difear do shubstaint na bhforálacha sin.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Slóivéinise de Rialachán (AE) 2020/354 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, arna seachadadh sular glacadh Rialachán (AE) 2020/354,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 229, 1.9.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/767/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2020/354 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020 lena mbunaítear liosta d'úsáidí beartaithe le haghaidh beatha atá beartaithe chun críoch cothaitheach áirithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/38/CE (IO L 67, 5.3.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/354/oj).